

Tamall ag guí i láthair na hEocairiste

*i gCill Éinde, An Spidéal*

**Gach Satharn 10am—11am**

**Páidrín gach Domhnach**

**@ 6.00i.n.**

***Fáilte roimh cách***

**Más mian leat síntiús a thabhairt don paróiste ar líne, seo leanas uimhir chuntais:**

**Cill Éinde (Paróiste)**
IBAN: IE81AIBK93740104660088
BIC: AIBKIE2D

**Cill Éinde (Tuarastal an tSagairt)**
IBAN: IE50AIBK93740104660161
BIC: AIBKIE2D

**Oibreacha deisiúcháin riachtanacha**
IBAN IE02AIBK937401046608 31

**Míle Buíochas as bhur dtacaíocht**

## Seiteanna sa Spidéal

### ag tosú arís!



Lá: Luan 14ú Meán Fómhair
*(agus chuile oíche Dé Luain)*

Áit: Coláiste Chonnacht

Am: 7.30 - .9.00 IN

Costas €5 ar gach rang

Glac misneach agus bí linn!
Fáilte Roimh Chách!

**Bain díot do chóta & cuir ort do bhróga!**

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

### Fáilte Romhat, A Rí an Domhnaigh Bheannaithe

Fáilte romhat, a Rí an Domhnaigh bheannaithe,
Lá breá aoibhinn cois bruach na farraige.
Fáilte romhat, a Réalt gheal na mara,
Lá breá aoibhinn d'fhonn Críost a agallamh.

Fáilte romhat, a Dhia na gil' 'sna gréine,
'Thug an lá dhúinn le grá 's le féile.
Fáilte romhat a Mhaighdean ghlórmhar ghléigeal,
Stiúraigh muide chuig tAon Mhac Íosa.

### Beannaigh Muid A Athair


Beannaigh muid a Athair,
Agus beannaigh muid a Chríost,
Go gcumhdaí sibh ár n-anama
Go dtagaimid arís.

Beannacht leat a theach Dé,
Agus beannacht Dé 'nár dtimpeall,
Nár scara uainne grásta Dé,
Go bhfillimid chun a theampaill.

### Tuarastal an tSagairt don Fhómhair

Tá Tuarastal an tSagairt don Fhómhair ag teacht isteach anois. Clúdaigh breise ar fáil ar na boird do dhaoine nach dtógann an bosca.

**Míle buíochas as a bheith**



# Paróiste An Spidéil

## 25ú Domhnach A

### 19ú/20ú Meán Fómhair 2026

An tAthair Daniel Gallagher S.P. www.cilleinde.ie
Oifig: 083 8126745 R*íomhphost:* cilleinde@outlook.ie
Uaireanta Oscailte:: Dé Máirt, Déardaoin, Dé hAoine 10.00 -2.00

## Aifrinn & Intinní na Seachtaine

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| ⌖ | | | ***Cill Éinde, Spidéal*** | |
| Dé Domhnaigh | 20ú | 11.00r.n. | Marie & Vin Wilson & a gclann | *Sidheán/Liverpool* |
| | | | Máire & Liam Ó hOistín & a mbeirt iníon Máire & Meadhbh | |
| | | | An tAth. Tomás Ó Cadhain | *Spidéal* |
| | | | An tAth Colm Mac Suibhne | *Sidheán* |
| | | | An tAth. Micheál Ó hOistín | *Cathair na Mart* |
| | | | Intinn Spesialta | |
| Dé Céadaoin | 23ú | 10.00r.n. | | |
| Déardaoin | 24ú | 10.00r.n | *Missa Pro Populo* | |
| Dé hAoine | 25ú | 10.00r.n. | | |
| Dé Domhnaigh | 27ú | 11:00r.n. | Séamus Mac Conaonaigh 3ú Cuimhneachán | *Coilleach* |
| | | | Micheál Ó Coistealbha 5ú Cuimhneachán & a mhuintir | *Páirc Láir* |
| | | | Marie Landers (nee Feeney) Máire Colm Mairtín fuair bás Feabhra 2026 | *Leitir Peic//Springfield, Mass.* |
| | | | Seán & Nora Uí Chonghaile | *Cré Dhubh* |
| ⌖ | | | ***Cill Treasa, Ros a'Mhíl,*** | |
| Dé Sathairn | 19ú | 6.30i.n. | Barry Ó Fátharta **2ú Cuimhneachán** | *Ros a'Mhíl* |
| | | | Bríd (Clishan ) Mac Donnacha ( *Caisleán*) & a fhear céile Máirtín | |
| | | | Johnny Mac Donnacha | *Barr Roisín* |
| Dé Sathairn | 26ú | 6:30i.n. | | |
| ⌖ | | | ***Cill Mhuire, Na Minna*** | |
| Dé Domhnaigh | 20ú | 9:30am | Pete Ó Cualáin | *Minna* |
| Dé Domhnaigh | 27ú | 9:30am | | |

**Loinneog don Iontróid**

Mise slánaitheoir an phobail, a deir an Tiarna. Cibé gábh as a nglaofaidh siad orm, éistfidh mé leo; agus beidh mé i mo Thiarna orthu go deo.

**Gníomh Aithrí**

A phobal Dé, tugaimis ár bpeacaí chun cuimhne chun gurbh fhiú sinn na rúndiamhra naofa a cheiliúradh.

**Admhaím do Dhia uilechumhachtach…..**

Go ndéana Dia uilechumhachtach trócaire orainn, go maithe sé ár bpeacaí dúinn, agus go dtreoraí sé chun na beatha síoraí sinn. **Amen.**

A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**
A Chríost, déan trócaire. **A Chríost, déan trócaire.**
A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**

***An Ghlóir***

Glóir do Dhia sna harda,
**agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.**
**Molaimid thú; móraimid thú; adhraimid thú;**
**tugaimid glóir duit;**
**gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire;**
**a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas; a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.**
**A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost. A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,**
**tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn; tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí. Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.**
**Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna; is tú amháin is Ró-Ard, a Íosa Críost, mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair. Amen.**

**Urnaí**

A Dhia, choimsigh tú aitheanta uile do dhlí i ngrá duit féin agus i ngrá don chomharsa. Go ndéanaimidne an grá sin a chleachtadh de réir d'aitheanta agus an bheatha shíoraí a bhaint amach dá bharrsan. Sin é ár nguí chugat trínár dTiarna. **Amen.**

## *Liotúirge an Bhriathair*

**An Chéad Léacht**

*Sliocht as leabhar Íosáia fáidh – 55:6-9*

Lorgaígí an Tiarna, fad a chuireann sé é féin ar fáil,
glaoigí air, fad atá sé i ngar.
Fágadh an coirpeach a bhealach
agus fear na hurchóide a bhearta.
Filleadh sé ar an Tiarna, a ghlacfaidh trua dó,
agus ar ár nDia, atá fial faoi mhaithiúnas.
Óir ní hiad bhur mbearta mo bhearta,
ná ní hiad mo bhealaí bhur mbealaí, briathar an Tiarna.
Is ard iad na spéartha os cionn na talún,
agus is comh-ard mo bhealaí os cionn bhur mbealaí,
agus mo bhearta os cionn bhur mbearta.
*Briathar an Tiarna*. **Buíochas le Dia.**

**Salm le Freagra** – Sm 144

*Fr: Is gairid an Tiarna dá ngaireann air.*

1. Beannóidh mé thú gach uile lá
   agus molfaidh mé thú de shíor.
   Is mór é an Tiarna, is is ionmholta go mór é,
   ní féidir a mhórgacht a mheas. *(Fr)*

2. Is ceansa trócaireach é an Tiarna,
   mall chun feirge agus lán de chineáltas.
   Is maith é an Tiarna don uile ní,
   is is trócaireach é dá oibreacha uile. *(Fr)*

3. Is fíréanta an Tiarna ina shlite uile
   is is naofa é ina oibreacha go léir.
   Is gairid an Tiarna dá ngaireann air,
   dá ngaireann air go fírinneach. *(Fr)*

**An Dara Léacht**

*Sliocht as litir N. Pól chuig na Filipigh – 1:20-24, 27*

A bhráithre, glóireofar Críost i mo chorp, cibé beatha nó bás atá i ndán dom. Óir domsa is ionann bheith beo agus Críost, agus ar ndóigh ba shochar dom an bás. Ar an taobh eile, áfach, má bhíonn rath ar mo shaothar fad is beo dom sa cholainn, níl a fhios agam cé acu rogha a dhéanfaidh mé. Táim i gcás idir dhá chomhairle: tá fonn orm síothlú liom agus bheith fara Críost mar ba é ab fhearr go mór; ach is riachtanaí go bhfanfainn sa cholainn ar mhaithe libhse.

Ní mór daoibh bhur saol a thabhairt de réir Dhea-Scéal Chríost.

*Briathar an Tiarna.* **Buíochas le Dia.**

**Alleluia, alleluia!**
Rinneadh feoil den Bhriathar agus chónaigh sé inár measc. Aon duine a ghlac é, thug sé cumas dóibh chun go ndéanfaí clann Dé díobh.
**Alleluia!**

**Soiscéal**

*Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Matha 20:1-16*

Dúirt Íosa lena dheisceabail: 'Is iad dála riocht na bhflaitheas mar a bhí ag fear tí a ghabh amach go moch ar maidin chun lucht oibre a fhostú i gcomhair a fhíonghoirt. Réitigh sé leis na fir oibre ar dhéanar sa ló agus sheol sé iseach ina fhíonghort iad. Nuair a chuaigh sé amach timpeall an tríú huair, chonaic sé daoine eile ina seasamh díomhaoin in áit an mhargaidh agus dúirt sé leo: "Isteach i m'fhíonghort libhse freisin, agus díolfaidh mé libh an pá ceart." Agus isteach leo. Chuaigh sé amach arís timpeall an séú agus an naoú huair agus rinne sé an rud céanna. Ach nuair a chuaigh sé amach timpeall an aonú huair déag, fuair sé tuilleadh acu ann agus dúirt leo: 'Cad a d'fhág anseo ar feadh an lae sibh agus sibh díomhaoin?" Dúradar leis: "Mar nár fhostaigh aon duine sinn." Dúirt sé leo: "Sibhse freisin, isteach san fhíonghort libh." Nuair a bhí an tráthnóna ann, dúirt úinéir an fhíonghoirt leis an mbainisteoir: "Glaoigh ar na fir oibre agus tabhair dóibh a dtuarastal, siar ón dream déanach go dtí an dream is túisce a tháinig." Nuair a tháinig muintir an aonú huair déag, fuair siad déanar an duine. Agu shíl an chéad dream nuair a tháinig siad go bhfaighidís níos mó. Ach is déanar an duine a fuair siad sin féin. Agus nuair a fuair siad é, bhíodar ag monabhar ar fhear an tí: "An dream déanach seo," deiridís, "níor thug siad ach an t-aon uair amháin, agus chuir tú ar aon dul iad féin agus sinne a d'fhulaing ualach an lae agus an brothall." D'fhreagair sé duine acu á rá: Nílim ag déanamh aon éagóra ort, a chara: nach ar dhéanar a réitigh tú liom: Tóg a bhfuil ag dul duit agus imigh. Ach is áil liomsa oiread a thabhairt don fhear deireanach seo agus a bheirim duit. An ea nach bhfuil cead agam mo rogha ní a dhéanamh le mo chuid féin? Nó an ea go bhfuil do shúilse éadmhar de bhrí go bhfuilim féin maith?" Sin mar a bheidh a bhfuil ar deireadh ar tosach agus a bhfuil ar tosach ar deireadh.'

*Soiscéal an Tiarna.* **Moladh duit, a Chríost.**

**Guí an Phobail**

***An Chré***

**Creidim in aon Dia amháin,**
**an tAthair uilechumhachtach, a rinne neamh agus talamh, agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.**
**Agus in aonTiarna amháin Íosa Críost,**
**Mac Aonghine Dé,**
**an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann,**
**Dia ó Dhia, solas ó sholas, Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia;**
**an té a gineadh agus nach ndearnadh,**
**agus atá de chomhshubstaint leis an Athair:**
**is tríd a rinneadh an uile ní.**
**Ar ár son-na, an cine daonna,**
**agus ar son ár slánaithe, thuirling sé ó neamh.**
**Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é**
**i mbroinn na Maighdine Muire**
**agus ghlac sé nádúr daonna.**
**Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi Phointias Píoláit; d'fhulaing sé páis, agus adhlacadh é.**
**D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na Scrioptúir; chuaigh suas ar neamh; tá ina shuí ar dheis an Athar.**
**Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir,**
**le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh,**
**agus ní bheidh deireadh lena ríocht.**
**Creidim sa Spiorad Naomh,**
**Tiarna agus bronntóir na beatha,**
**an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.**
**Tugtar dó adhradh agus glóir, mar aon leis an Athair agus leis an Mac: is é a labhair trí na fáithe.**
**Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, aspalda.**
**Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas na bpeacaí.**
**Agus táim ag súil le haiséirí na marbh,**
**agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Amen.**

## *Liotúirge na hEocairiste*

**Os Cionn na nOfrálacha**

Glac, a Thiarna, leis na hofrálacha seo ó do phobal féin. Go bhfaighimid greim san Aifreann seo ar a bhfuil á ndearbhú againn le creideamh agus le grá. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

Rúndiamhair an chreidimh.
**A Shlánaitheoir an domhain, slánaigh muid, tusa a shaor muid trí do chros agus trí d'aiséirí.**

## *Deasghnáth na Comaoineach*

Aitheanta an tslánaithe dár dtreorú agus briathar Dé dár dteagasc, tá sé de mhisneach againn a rá:
**Ar nAthair atá ar neamh......**

**A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn…………**

**Iarchomaoineach**

A Thiarna, cothaíonn tú sinn leis an gcomaoineach naofa. Lean ort ag cabhrú linn le barr do ghrá duinn. Go dté an slánú i bhfeidhm orainn sna rúndiamhra seo agus i mbearta ár saoil. Trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

**An Deasghnáth Deiridh**

*Go raibh an Tiarna libh*. **Agus le do spiorad féin.**

*Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh, Athair, Mac agus + Spiorad Naomh*. **Amen.**

Ag Ceiliúradh na Mblianta Órga / *A Celebration of the Golden Years*
Bígí linn! Tá FORUM Connemara CLG ag eagrú ócáid don aosach Dé Máirt, 29 Meán Fómhair, ó 12–2pm i Spórtlann Naomh Anna, Leitir Móir. Beidh os cionn 20 seastán ann le heolas agus comhairle. Sólaistí ar fáil. Fáilte roimh chách!
*Join FORUM Connemara CLG for our Older Persons Networking Event on Tuesday, 29th September, from 12–2pm in Spórtlann Naomh Anna, Lettermore. Over 20 information stands, useful advice and a chance to meet local organisations. Refreshments provided. Everyone welcome!*

Ag Ceiliúradh na Mblianta Órga / *A Celebration of the Golden Years*
Bígí linn! Tá FORUM Connemara CLG ag eagrú ócáid don aosach Dé Máirt, 29 Meán Fómhair, ó 12–2pm i Spórtlann Naomh Anna, Leitir Móir. Beidh os cionn 20 seastán ann le heolas agus comhairle. Sólaistí ar fáil. Fáilte roimh chách!
*Join FORUM Connemara CLG for our Older Persons Networking Event on Tuesday, 29th September, from 12–2pm in Spórtlann Naomh Anna, Lettermore. Over 20 information stands, useful advice and a chance to meet local organisations. Refreshments provided. Everyone welcome!*
Tuilleadh eolais/More information: Peter–085 267 5863.